# Meáchan a Thomhas

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais – meáchan, meastachán<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• ábhair agus matamaitic chuí do thasc a roghnú<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• patrúin agus gaolta simplí a aithint agus tuartha a dhéanamh<br>• bheith eolach ar dhóigheanna lena gcuid oibre féin a sheiceáil |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | meáchan, trom, níos troime, is troime, éadrom, níos éadroime, is éadroime, cothromaíocht, meastachán |
| **Áiseanna** | meá, áis an dalta le liosta de na réada atá le meá |

## Cur síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

A luaithe is atá daltaí cleachta leis an choincheap de 1 cileagram mar thomhas, sainaithníonn siad rudaí i dtimpeallacht na scoile atá 1 kg, níos éadroime ná 1 kg agus níos troime ná 1 kg. Déanann siad na rudaí seo a thaifeadadh ar bhileog acmhainne i bhformáid dhigiteach nó chruachóipe nó thiocfadh leo grianghraif a ghlacadh agus iad a roinnt ar ardán ar líne.

### 2 Gníomhaíocht 2

Is féidir an ghníomhaíocht sin a athdhéanamh don leath-chileagram agus de mheáchain eile ina ngraim, m.sh. rudaí atá níos troime nó níos éadroime ná 100 g nó 250 g. Ansin, thig le daltaí fiosrúchán breise dá rogha féin a dhéanamh le rudaí faoi leith sa tseomra ranga, m.sh. líon leabhar 100 g nó níos troime.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é meáchan an leabhair?<br>• Cad é meáchan an úill?<br>• Cén aonad caighdeánach a d'úsáid tú? | • Socraigh ar an dóigh a dtabharfaidh muid faoin ghníomhaíocht seo.<br>• Cad chuige ar roghnaigh tú an t-aonad caighdeánach sin?<br>• Cad é mar a thabharfaidh muid faoin ghníomhaíocht seo?<br>• Cad iad na haonaid chaighdeánacha a úsáidfidh muid? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

## Bileog an Dalta

| Rud | Níos faide / níos airde ná 1 m | Níos gairide ná 1 m |
|---|---|---|
| peann luaidhe | | ✓ |
| bioróir | | ✓ |
| tiúb phéinte | ✓ | |
| téacsleabhar | | ✓ |
| mála prátaí | | |
| mála criospaí | ✓ | |
| mála gainimh | | |
| bróga corpoideachais | | |